Bus Éireann

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2008








# Ag Tiomáint na hInfheistíochta

PRN.A9/0116

# An Clár


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú Oibríochtaí | 3 |
| Stiúrthóirí agus Eolas Eile | 15 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 16 |
| Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 19 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 20 |
| Príomhpholasaithe Cuntasaíochta | 22 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 23 |
| Clár Comhardaithe | 24 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 25 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 26 |




NDP Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 Athrú Mór ar Éirinn

transport21 progress in motion

Ba mhaith le Bus Éireann aitheantas a thabhairt don maoiniú a rinne Rialtas na hÉireann do mhórthionscadail faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus Iompar 21 agus don chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

## Feidhmíocht Airgeadais


Rinne an chuideachta caillteanas de €8.1 milliún sa bhliain 2008 tar éis míreanna eisceachtúla i gcomparáid le caillteanas €2.1 milliún sular scaoileadh foráil le haghaidh dliteanais agus muirir sa bhliain 2007. Ar an iomlán ba bhliain dhúshlánach í 2008 don chuideachta tar éis míreanna eisceachtúla agus an lagthrá eacnamaíochta ag cur isteach ar ioncam ó phaisinéirí. Chuir costais mhéadaithe breosla, agus caillteanas an lacáiste ar dhleacht mháil ón 1 Samhain 2008, costais mhéadaithe párolla ag eascairt as na comhaontais náisiúnta pá agus an costas leanúnach a ghabhann le brú tráchta leis an meath sna torthaí airgeadais.

Tá cláir sábhála costais ag an gcuideachta le tamall de bhlianta agus cuireadh dlús leis na cláir seo sa bhliain 2008 chun tionchar na leibhéal ioncaim íslithe a laghdú. Baineadh amach laghduithe i gcostais phaisinéirí bóthair trí rialuithe láidre airgeadais agus rinneadh feabhsúcháin ar chláir oibríochtaí agus bainistiú costais.

Bhí tionchar leanúnach ag an iomaíocht ó mhodhanna eile iompair agus ón méadú san iomaíocht sa mhargadh bus féin a d'eascair as na ceadúnais a eisíodh ar na príomhbhealaí ar fheidhmíocht airgeadais na cuideachta. Bhí an t-ioncam ó phaisinéirí bhóthair do 2008 5.6% níos ísle ná sa bhliain 2007.

Tuilleadh ioncam iomlán de €299.7 milliún i 2008 i gcomparáid le €282.9 milliún i 2007.

Tugtar an fheidhmíocht ioncaim le blianta beaga anuas sa tábla thíos:




### Tuarascáil Eifeachtúla agus Éifeachtachta

Sa bhliain 2008 choimisiúnaigh an Roinn Iompair na sainchomhairleoirí Deloitte chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí i mBus Éireann agus i mBus Átha Cliath. Foilsíodh an tuarascáil, Athbhreithniú ar Chostas agus ar Éifeachtúlacht i mBus Átha Cliath agus i mBus Éireann i mí Eanáir 2008 agus tá Bus Éireann sásta gur measadh go raibh líonra éifeachtúil éifeachtach ag Bus Éireann i gcomparáid lena chomhchuideachtaí Eorpacha. Tháinig tuarascáil Deloitte tar éis tuarascáil Luach Airgid Booz Allen Hamilton 2006, a rinne breithiúnas dearfach chomh maith faoi oibríochtaí Bhus Éireann.



Mar achoimre, dúirt tuarascáil Deloitte gur mhéadaigh uimhreacha paisinéirí Bhus Éireann 15 faoin gcéad ó 2001 go 2007. Luaigh siad chomh maith go bhfuil maoiniú oibleagáid seirbhíse poiblí (OSP) Bhus Éireann íseal i gcomparáid lena chomhchuideachtaí Eorpacha. Luaigh an tuarascáil chomh maith go bhfuil a chuid acmhainní féin, a ghintear as a chuid seirbhísí tráchtála, á n-úsáid ag Bus Éireann mar fhóirdheonú do sheirbhísí OSP.

Luaigh tuarascáil Deloitte go gcuireann líonra comhtháite na cuideachta ar chumas na gcustaiméirí taisteal ó cheantair tuaithe go bailte/cathracha móra agus astu sin go cinn scríbe ar fud na tíre. Rinneadh tagairt do roinnt samplaí den chomhtháthú seo i ngníomh sa tuarascáil amhail turais a rinne paisinéirí ó Chrois Uí Ruairc i gContae Luimnigh, go Béal an Átha agus Cionn tSáile, agus ón gCroisín i gCo an Chláir go Trá Lí agus Sligeach.

"Nuair a chuirtear nádúr cuimsitheach comhtháite na seirbhísí a ofráiltear don phobal san áireamh, is léir go bhfuil líonra Bhus Éireann chomh héifeachtúil lena phiaraí" arsa an tuarascáil.

Luadh i dtuarascáil Deloitte chomh maith go bhfuil speansais riaracháin agus cúloifige Bhus Éireann de réir na dtagarmharcanna, agus go bhfuil sceidealú éifeachtúil déanta ar sheirbhísí agus ar dhualgais na dtiománaithe.

Luadh freisin go bhfuil an scóip le haghaidh sábhála sa chuideachta teoranta agus go bhfuil bearta éagsúla curtha i gcrích cheana féin chun costais a laghdú. Dúirt an tuarascáil má tá sábháil eile le déanamh go gcaithfear é a dhéanamh den chuid is mó trí chuíchóiriú, agus an tionchar a bheadh ag aon athrú ar leibhéil seirbhísí ar líonra comhtháite na cuideachta á choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Tá roinnt de na moltaí sa tuarascáil tugtha isteach ag Bus Éireann nó á dtabhairt isteach, lena n-áirítear cóistí dhá urlár a thabhairt isteach, faisnéis fíorama a sholáthar, faisnéis fheabhsaithe ag stadanna bus agus do chustaiméirí, ticéadú comhtháite, agus díol ticéad.

Cuireann Bus Éireann fáilte roimh thorthaí thuarascáil Deloitte agus beifear ag obair chun na moltaí a chur i bhfeidhm laistigh de na frámaí ama atá imlínithe sa tuarascáil.

### Fóirdheontas

Fuair Bus Éireann fóirdheontas €41.8 milliún ón Stát mar íocaíocht ar son a Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) i 2008. Méadú timpeall €5 mhilliún a bhí ann ón mbliain roimhe sin agus ba mhór an fháilte a bhí roimhe sna cúinsí eacnamaíochta reatha.

Mar a luaigh tuarascáil Deloitte, faigheann Bus Éireann fóirdheontas íseal i gcomparáid lena phiaraí Eorpacha. Bhí costas glan de €49 milliún ar sholáthar na seirbhíse OSP sa bhliain 2008. Tá a chuid acmhainní féin, a ghintear as a chuid seirbhísí tráchtála, á n-úsáid ag Bus Éireann mar fhóirdheonú do mhaoiniú seirbhísí sóisialta.

Tá meabhrán tuisceana ag Bus Éireann agus ag an Roinn Iompair faoi leibhéil seirbhíse agus spriocanna do 2008 a chuireann leibhéal tacaíochta an stáit san áireamh. Shásaigh an chuideachta na spriocanna feidhmíochta a leagadh amach sa mheabhrán seo.

### Fochonraitheoirí

D'fhostaigh Bus Éireann réimse fochonraitheoirí i 2008 chun seirbhísí ar nós fruilleadh mionbhus agus tacsaí a sholáthar don Scéim Iompar Scoile.

### Mórfhostóir

Is mórfhostóir náisiúnta é Bus Éireann le fórsa oibre de 2,837 (lena n-áirítear 541 tiománaí páirtaimseartha busanna scoile).

Tá 1,490 soláthraí eile ar conradh chun seirbhísí a sholáthar, don Scéim Iompar Scoile den chuid is mó. Cruthaíonn ár ngníomhaíochtaí gnó fostaíocht do dhaoine freisin i go leor earnálacha eile a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí do Bhus Éireann.

Thug Bus Éireann €42.6 milliún don Státchiste i 2008 trí íocaíochta ÍMAT/ÁSPP agus CBL.

## Fócas ar Chustaiméirí

D'fhás líon paisinéirí Bhus Éireann 15% idir 2001 agus 2007. Ach leis an lagthrá eacnamaíochta i 2008 bhí nos lú daoine ag dul na hoibre, titim i miondíolacháin, daoine ag glacadh níos lú turais lánroghnach, titim i lion na dturasóirí agus laghdú i lion na n-eachtrannach a bhí ina gcónaí sa tír, a chiallaigh go raibh níos lú daoine ag taisteal. Dá bharr seo thit líon custaiméirí bóthair Bhus Éireann go 48.2 milliún i 2008 ó 50.2m i 2007, athrú 4 faoin gcéad.


### Miondealú ar thurais Chustaiméirí agus ar Chiliméadair Feithiclí

| | Bliain dar críoch 31 Nol 2008 Mílte | 2007 Mílte | | |
|---|---|---|---|---|
| **Turais Chustaiméirí** | | | | |
| Seirbhísí Cathrach sna Cúigí | **21,217** | 22,085 | | -4% |
| Seirbhísí sceideailte eile | **26,948** | 28,136 | | -4% |
| Scéim Iompar Scoile | **45,709** | 45,507 | | 0% |
| | **93,874** | 95,728 | | -2% |
| Iomlán Turas RP | 48,165 | 50,221 | -2,056 | -4% |

| | Bliain dar críoch 31 Nol 2008 Mílte | 2007 Mílte | |
|---|---|---|---|
| **Ciliméadair Feithiclí** | | | |
| Seirbhísí Cathrach sna Cúigí | **8,841** | 8,529 | 4% |
| Seirbhísí Eile - féin | **87,007** | 84,400 | 3% |
| Seirbhísí eile – ar fhochonradh | **83,652** | 74,695 | 12% |
| | **179,500** | 167,624 | 7% |
| Ciliméadair ar fhochonradh mar % den iomlán | 47% | 45% | |



Foriomlán Turais Custaiméirí





Cuntas Cúig Bliana

## Méadú ar Shástacht Custaiméirí

Tugadh faoin naoú iniúchadh neamhspleách ar thiomantais atá tugtha i gcairt chustaiméirí Bhus Éireann sa bhliain 2008. Cuireann an t-iniúchadh seo sástacht custaiméirí i gcomparáid le réimse de thiomantais feidhmíochta atá tugtha sa chairt custaiméirí.

Foriomlán Sástach Custaiméirí




Mar a léiríonn an tábla, tá sástacht na gcustaiméirí ag méadú go réidh gach bliain. Taifeadadh sástacht iomlán paisinéirí de 95 faoin gcéad i 2008, agus fuair an chuideachta scór ard freisin ó thaobh sábháilteacht busanna, glaine agus compord (99%); poncúlacht (95%); minicíocht seirbhísí (92%); amanna i scuainí (94%); cairdiúlacht na dtiománaithe (95%); agus foireann na stáisiún (97%).

Bhí an-tóir ag an bpobal taistil ar shuíomh idirlín Bhus Éireann – **www.buseireann.ie** - agus fuair an suíomh os cionn 200,000 cuairt aonair ar an meán gach mí i 2008, méadú 30% ó 2007, rud a d'fhág suíomh Bhus Éireann i measc na ndeich suíomh idirlín Éireannacha ba mhó ar tugadh cuairt orthu.

Léirigh torthaí an inúchta neamhspleách go bhfuair 43 faoin gcéad de chustaiméirí faisnéis ar líne agus gur úsáid siad an pleanálaí turais agus gur cheannaigh cuid acu ticéid chomh maith. Cuireann an pleanálaí turais ar chumas daoine atá ag taisteal go cinn scríbe éagsúla ar fud na tíre a fheiceáil conas is féidir naisc a dhéanamh ar líonra comhtháite Bhus Éireann.

## Seirbhísí Nua Custaiméirí

Faoi Iompar 21 agus le tacaíocht leanúnach ón Aire Iompair agus óna Roinn tugadh réimse seirbhísí nua, feabhsaithe agus nuálacha isteach do chustaiméirí i 2008 chun freastal ar ionaid daonra atá ag fás agus ar éilimh na gcustaiméirí.

### Réigiún an Oirthir

I measc na seirbhísí nua a tugadh isteach sa réigiún bhí seirbhís nua ardmhinicíochta 109A ó DCU go dtí an Uaimh via Aerfort Bhaile Átha Cliath a seoladh i mí Eanáir 2008 agus atá ag mealladh líon mór custaiméirí.

Feabhsaíodh minicíocht bhealach Cill Mhantáin – Baile Átha Cliath 133 go 30 nóiméad ag buaic-uaireanta agus síníodh an tseirbhís chuig an IFSC agus Aerfort Bhaile Átha Cliath trí Thollán an Chalafoirt chun freastal ar éileamh chustaiméirí.

Rinneadh feabhsúcháin eile ar an líonra seirbhísí sa réigiún le feabhsú ar bhealaí comaitéireachta amhail Baile Átha Cliath – Muineachán, Baile Átha Cliath – Ráth Tó, agus Baile Átha Cliath – Cill Dara. Cuireadh seirbhísí breise go hAerfort Bhaile Átha Cliath ar fáil chun freastal ar éileamh paisinéirí.

### Réigiún an Iarthair

Tá an-éileamh ar fad ar an tseirbhís nua ardmhinicíochta le feithiclí nua ó chathair na Gaillimhe chuig ceantar ardfháis Dhabhach Uisce ó cuireadh ar bun é i 2008. Ba mhór an tacaíocht an lána nua bus a cuireadh ar an mbealach do rath na seirbhíse seo.

I measc seirbhísí nua eile a tugadh isteach le linn na bliana 2008 tá seirbhís nua luath-mhaidine ó Bhiorra go Baile Átha Luain ar bhonn trialach. Cuireadh feabhas ar sheirbhísí go hAerfort na Gaillimhe freisin mar gheall ar éileamh custaiméirí.

D'fheidhmigh Bus Éireann 16 sheirbhís laethúla go Baile Átha Cliath le ceann de na himeachtaí seo ag dul díreach go hAerfort Bhaile Átha Cliath ag meán oíche. Ar Chonair an Atlantaigh, d'fheidhmigh Bus Éireann 12 sheirbhís laethúla ó Chorcaigh agus 14 sheirbhís go hAerfort na Sionainne. Tá rochtain éasca ann ar Dhoire agus ar Leitir Ceannain chomh maith le ceithre sheirbhís gach lá den tseachtain go Doire agus go Leitir Ceannain agus sé sheirbhís dhíreacha go Sligeach.

## Réigiún an Deiscirt

Tugadh dhá bhealach nua Iompar 21 isteach i gcathair Chorcaí i 2008 chun freastal ar cheantair daonra atá ag fás. Feidhmíonn an 10A ón Meall Theas go Machan trí Bhóithrín na Manach. Feidhmíonn an 16 ón Meall Theas go Clarkes Hill trí Bhóthar Bhaile an Róstaigh ag filleadh ar Lár na Cathrach via an Garraí Dubh, Cnoc Maryborough agus an Dúglas. Tá éileamh ag comaitéirí ar an dá bhealach.

## Réigiún an Iardheiscirt

Cuireadh síneadh le bealach Chathair Luimnigh/Ollscoil Luimnigh chun feidhmiú via Páirc Theicneolaíochta Plassey chun freastal ar lucht oibre.

Cuireadh naoi mbus nua úrscothacha le rochtain íseal do chathaoireacha rotha ar fáil do fhlít busanna chathair Luimnigh. Rinneadh maoiniú orthu faoi Iompar 21.

## Réigiún an Iarthuaiscirt

Rinneadh feabhas mór ar sheirbhísí cóiste luasbhealaí go Baile Átha Cliath agus go hAerfort Bhaile Átha Cliath ón Iarthuaisceart le linn na bliana 2008 mar gheall ar mhéadú ar éileamh agus chun cabhrú le turasóirí a mhealladh chun an réigiúin.

Tá naoi seirbhís laethúla ann anois ar bhealach Bhaile Dhún na nGall/Inis Ceithleann/Aerfort Bhaile Átha Cliath/ Bhaile Átha Cliath, ag feidhmiú ar sceideal 24 uair an chloig. Tá an-ghlacadh ag custaiméirí leis na feabhsúcháin ar na seirbhísí, go háirithe acu siúd a dteastaíonn uathu taisteal ar bhealach díreach costéifeachtúil go hAerfort Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh feabhas chomh maith ar an tseirbhís laethúil ó Shligeach agus Béal an Átha go Baile Átha Cliath agus síneadh go hAerfort Bhaile Átha Cliath í chun freastal ar an éileamh.

Trí úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní, cuireadh seirbhís bhreise Luasbhealaí ar bun idir Béal an Átha agus Gaillimh i 2008, agus tá sé sheirbhís Luasbhealaí i ngach treo ar an mbealach sin anois.

Cuireadh tús le turas rathúil nua lae i Samhradh na bliana 2008, ag freastal ar aille farraige Shliabh Liag agus ar Chuan Dhún na nGall, agus bhain cuairteoirí agus daoine áitiúla an-úsáid as an tseirbhís seo ó Bhus Éireann.



## Féilte & Imeachtaí

D'fheidhmigh Bus Éireann cóistí chuig agus ó chuid de na féilte ba mhó sa tír le linn na bliana 2008. Bhí Oxegen i mBaile Phúinse, Electric Picnic sa Sráidbhaile, Westlife i nGaillimh, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCill Chainnigh, agus Féile Snagcheol Chorcaí ina measc.

### Imeachtaí Spóirt

Bhain Bus Éireann triail as seirbhísí Páirceála agus Marcaíochta go Páirc an Chrócaigh ó CLG Nás le linn Chraobhchluichí Peile agus Iománaíochta na hÉireann. Bhí rath ar an triail seo.

D'fheidhmigh sé seirbhís tointeála ó chathair Luimnigh chomh maith go staid nua Pháirc Thuamhumhan do chluiche Rugbaí na Mumhan.

Arís eile sháraigh Bus Éireann an churiarracht chuig agus ó Rásaí na Gaillimhe.

### Rannpháirtíocht sa Phobal

Spreagadh na mílte leanbh i gcathair Luimnigh trí Chlár Feasachta Pobail Luimnigh chun a bheith ina n-'ambasadóirí frithloitiméireahta' i gclár pobail a reáchtáil Bus Éireann d'fhonn an t-iompar frithshóisialta a chuireann isteach ar bhusanna agus seirbhísí na cuideachta a laghdú.

Is í aidhm an chláir, atá ar bun le cúig bliana, an ról tábhachtach atá ag an mbus sa phobal áitiúil a mhíniú do leanaí agus an tionchar diúltach a bhíonn ag loitiméireacht ar chomharsanachtaí a léiriú.

I gcomhar le Foras na Gaeilge, Gaillimh le Gaeilge, Raidió na Gaeltachta agus an Galway Independent, thug Bus Éireann aitheantas do ocht dtogra nuálacha pobail a spreagann daoine i réigiún na Gaillimhe chun Gaeilge a labhairt i nGradaim tionscnaimh Gaeilge Bhus Éireann na Gaillimhe.

Tá Bus Éireann buíoch den Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, TD, a bhronn a gcuid gradam ar na heagraíochtaí ag searmanas i nGaillimh i mí na Samhna, agus do Mhícheál Ó Muircheartaigh, a bhí ina chathaoirleach ar phainéal na moltóirí.

## Brú Tráchta

Tá tionchar diúltach ag brú tráchta ar chostas agus ar éifeachtúlacht sheirbhísí na cuideachta, agus dá réir sin, is mórfhoinse imní é.

Laghdaíonn an brú luasanna oibre seirbhísí Bhus Éireann, go háirithe ag amanna ardbhrú, agus méadaítear am na dturas dá réir. Cuireann sé seo isteach go mór ar iontaofacht sheirbhísí na cuideachta.

Meastar go gcosnaíonn an brú tráchta in Éirinn €24 milliún sa bhliain níos mó ná an costas coibhéiseach d'oibritheoirí bus Eorpacha mar gheall ar luasanna tráchta níos ísle in Éirinn.

Bíonn sreabhadh tráchta agus meánluasanna i bhfad níos measa ná mar a bhíonn i gcathracha agus i mbailte inchomparáide i dtíortha Eorpacha eile. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo, tá Bus Éireann ag tacú le fada le lánaí bus agus le bearta tosaíochta do bhusanna a thabhairt isteach i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann. Má shaoraítear spás bóthair don iompar poiblí bíonn amanna turais níos giorra, agus méadaítear mealltacht an iompair phoiblí. Tagann laghdú dá réir sin ar líon na gcarranna príobháideacha ar an mbóthar, rud a fheabhsaíonn coinníollacha ginearálta tráchta agus a laghdaíonn astaíochtaí.

### Bearta Tosaíochta Bus

Tá sé ríthábhachtach bearta tosaíochta bus a thabhairt isteach chun seirbhís chostéifeachtúil éifeachtach a thabhairt isteach atá dírithe ar fhreastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

Tá bearta ar nós na mBealaí Glasa agus na Mórlánaí Bus riachtanach chun an bus a scaradh ó thranglam tráchta agus chun iontaofacht agus mealltacht an iompair phoiblí a fheabhsú.

Rinneadh dul chun cinn mar seo a leanas chun bearta tosaíochta bus a fhorbairt sna cathracha is mó i 2008:

### Réigiún an Deiscirt

Cuireadh naoi mBealach Glas chun cinn i gCorcaigh mar atá imlínithe i bPlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (CASP) lena n-áirítear Bealach Glas Chaol Churraichín go lár na cathrach (Bealach Uimh. 8 ó dheas) agus Bealaí Glasa Chnoc na hAoine/Gharrán na mBráthar go lár na cathrach (Bealaí 2.3).

I gcomhar le hArdmhéara Chorcaí, le Comhairle Cathrach Chorcaí, An Garda Síochána agus Cumann Gnó Chorcaí, sheol Bus Éireann togra i mí na Samhna chun buntáistí na mBealaí Glasa a léiriú do dhaoine a bhíonn ag taisteal go Cathair Chorcaí agus amach aisti.

## Réigiún an Iarthair

I nGaillimh, tá amanna na dturas ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath laghdaithe mar gheall ar an lána bus isteach ar feadh timpeall 2 chiliméadar.

Thosaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair ar lána amach ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath i rith na bliana, cé go bhfuil an chuid seo den bhealach i bhfad níos giorra ná an lána bus isteach. Tá géarghá le níos mó bearta tosaíochta bus i nGaillimh.

## Réigiún an Oirthir

Tá an bhainistíocht ag obair go leanúnach le hOifig Líonra na Mórlánaí Bus agus leis na húdaráis áitiúla go léir maidir le bearta tosaíochta bus breise a sholáthar, go háirithe ar na príomhbhealaí gathacha go Baile Átha Cliath.

I rith na bliana 2008, cuireadh roinnt mhaith de na scéimeanna seo chun cinn le mórlánaí á dtabhairt isteach ar an N3 ag Tigh na Síóg agus ag na Céanna Thuaidh i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, agus leanadh ar aghaidh leis an obair ar an lána bus ag seachbhóthar Bhaile Bhlainséir. Chomh maith leis sin tá moltaí ann do mhórlánaí nó do Bhearta Tosaíochta Bus sna ceantair seo a leanas: Sráid Amiens, An Port Thuaidh agus An Uaimh. Déanann na feabhsúcháin seo go léir leas dár gcustaiméirí.

## Réigiún an Iardheiscirt

Chuir an brú tráchta go mór le costas na cuideachta i gcathair Luimnigh i rith na bliana 2008.

Tá bealaí glasa luachmhara tugtha isteach ag Comhairle Cathrach Luimnigh go himeall na cathrach. Ach cé gur thacaigh oifigigh Chomhairle Cathrach Luimnigh le tabhairt isteach na dtrí bhealach ghlasa ar bhóithre tábhachtacha sa chathair, dhiúltaigh Comhairle Cathrach Luimnigh dá dtabhairt isteach i 2008. Dá dtabharfaí na bealaí glasa seo isteach bheadh laghdú mór ar amanna turais do na mílte daoine a úsáideann ár seirbhísí isteach go cathair Luimnigh gach lá.

Leanfaidh Bus Éireann ar aghaidh ag obair le hoifigigh agus le hionadaithe áitiúla i gComhairle Contae Luimnigh agus i gComhairle Cathrach Luimnigh chun bearta tosaíochta bus a thabhairt isteach don chathair agus don chontae. Ach is údar leanúnach imní é go bhfuil sé chomh deacair sin seirbhís iontaofa a chothabháil i gCathair Luimnigh agus mar gheall ar nach bhfuil ag éirí leis dul



chun cinn a dhéanamh ar bhearta atá ann le fada chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna is oth le Bus Éireann go mbeidh air athbhreithniú a dhéanamh ar an leibhéal seirbhísí is féidir a sholáthar i gcathair Luimnigh.

Ag na leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta araon, tá Bus Éireann ag obair leis na húdaráis ábhartha ar réitigh ar bhrú tráchta cosúil le gualainn chrua na mbóithre a oscailt le húsáid mar lánaí bus nuair is féidir agus bearta breise tosaíochta do bhusanna. Táimid ag súil le dul chun cinn mór a dhéanamh sa réimse seo le linn na bliana 2009.

### Páirceáil agus Marcaíocht

Feidhmíonn Bus Éireann seirbhís Pháirceála agus Marcaíochta 'Black Ash' i gCorcaigh faoi chonradh le Comhairle Cathrach Chorcaí. Tá éileamh leanúnach ag custaiméirí ar an tseirbhís.

Bhí rath ar Pháirceáil agus Marcaíocht bhliantúil na Nollag ó Halla an Chontae i gCorcaigh go lár na cathrach chomh maith.

## Teicneolaíocht

Rinne Bus Éireann triail tosaigh ar theicneolaíocht Chóras Aimsiú Uathoibreach Feithiclí (AVL) go déanach sa bhliain 2008, agus d'éirigh go han-mhaith leis. Le linn na trialach bhí custaiméirí in ann faisnéis fíorama a fháil faoi theacht agus imeacht do bhealaí trí shuíomh idirlín na cuideachta, ag úsáid SMS agus ar taispeántas na mBusanna Isteach sa Bhusáras.

Tá an córas AVL feistithe i ngach feithicil bóthair anois, le teicneolaíocht chumarsáide agus aláraim fheabhsaithe ar bord a chruthaíonn cumarsáid dhíreach idir an tiománaí agus an t-iosta chun slándáil an tiománaí agus na gcustaiméirí a fheabhsú.

Tá trialacha an chórais ag dul ar aghaidh go maith. Tá sé beartaithe go mbeidh an córas ag feidhmiú go hiomlán faoi Fómhair na bliana 2009 nuair a bheidh custaiméirí in ann teacht ar fhaisnéis trí shuíomh idirlín na cuideachta agus ar SMS faoin am a mbeidh busanna aonair ag teacht agus ag imeacht ó stadanna Bhus Éireann ar fud na tíre ar gach bealach bóthair do phaisinéirí.

Chomh maith leis sin tá scáileáin fíorama do bhusanna ag teacht á suiteáil i láithreacha ar fud na tíre faoi láthair. Tá pleananna á gcur chun cinn freisin chun taispeántais comharthaí bóthair le Faisnéis Fíorama do Phaisinéirí (RTPI) a shuiteáil ag roinnt stadanna ar bhonn trialach.

Ag freagairt don éileamh ó chustaiméirí tá Innill Díol Ticéidí (TVM) breise tugtha isteach ag Bus Éireann i stáisiúin bus ar fud na tíre i rith na bliana. Tá an-tóir ag custaiméirí ar na hinnill mar go bhfuil siad éasca agus tapa le húsáid, agus go laghdaíonn siad scuainí ag oifigí ticéid sna stáisiúin bus.

Rinneadh dul chun ó thaobh na teicneolaíochta i réimsí eile den ghnó le linn na bliana 2008. Áirítear ina measc íocaíochta le cártaí creidmheasa ar shuíomh idirlín iompair scoile, feabhsúcháin ar shuíomh idirlín na cuideachta, agus saoráid ar an nGréasán a chuireann ar chumas gnólachtaí tríú páirtí barántais taistil a eisiúint.

## Inrochtaineacht

Faoi Iompar 21 agus clár feabhsaithe fhlít Bhus Éireann, bhí rochtain do chathaoir rotha ar gach feithicil nua a bhí in úsáid le linn 2008. Ciallaíonn sé seo go raibh urlár íseal le hinrochtaineacht do chathaoireach rotha ag gach bus cathrach de chuid Bhus Éireann i rith na bliana, rud a sháraigh sprioc na Roinne Iompair.

Tá an inrochtaineacht chéanna i mbusanna nua a tugadh isteach sa fhlít le linn 2008 do sheirbhísí comaitéireachta agus Luasbhealaí. Cuirfear feithiclí inrochtana eile leis an bhflít le linn na bliana 2009.

Bhí scéim phíolótach ag Bus Éireann le cóistí inrochtana le hardaitheoirí cathaoireach rotha ar dhá bhealach – 109A ón Uaimh go DCU, agus Port Láirge do Corcaigh – agus leanfaidh na trialacha seo ar aghaidh i 2009. Fuair tiománaithe a oibríonn ar an bealaí seo oiliúint speisialta chun an tseirbhís a oibriú.

Is é an dúshlán is mó atá ann ná a chinntiú go mbíonn saoráidí casán agus spás sásúil ag stadanna bus chun an t-ardaitheoir cathaoireach rotha a úsáid go sábháilte. Faoi chathaoirleacht An Roinn Iompair chríochnaigh. Grúpa Oibre um Stadanna bus, le rannpháirtíocht Bhus Éireann agus údarais áitiúla, teimpléad chun stadanna bus a bheidh inrochtana do chathaoireacha rotha a dhearadh.

Tháinig Grúpa Úsáideoirí Míchumais Bhus Éireann, atá comhdhéanta de bhaill d'eagraíochtaí ionadaíocha, le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag Bus Éireann sa réimse seo, lena n-áirítear tionscadail bonneagair.

## Iompar scoile

Bhí Bus Éireann ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i 2008 le cinntiú go ndéanfar na seirbhísí iompair scoile a sholáthraítear faoin Scéim Iompair Scoile a sheachadadh go leanúnach ar bhealach costéifeachtach éifeachtúil, go gcuirfeadh sé luach maith airgid ar fáil, agus go ndéanfar an caighdeán sábháilteachta agus seirbhíse a fheabhsú.

Bhí timpeall 135,000 leanbh á n-iompar faoi dhó sa lá ar fhlít tiomnaithe iompair scoile Bhus Éireann agus ar fheithiclí ar conradh, agus ar sheirbhísí sceideailte bus agus iarnróid faoi úinéireacht phoiblí agus le ceadúnais phríobháideacha.

Déanann leanaí níos mó ná 45,000,000 turas faoin Scéim Iompar Scoile gach bliain.

Leanadh ar aghaidh le feabhsúcháin ar chaighdeán agus ar réimse na seirbhísí iompar scoile a chuirtear ar fáil aon Scéim Iompar Scoile agus tugadh 210 seirbhísí nua isteach i 2008.

Bhí seirbhísí nua do leanaí le riachtanais speisialta ina bpríomhchuid de na seirbhísí nua a tugadh isteach, agus cuid mhór díobh seo á gcur ar fáil ar thacsaí.

Cuireadh cuid mhór de na seirbhísí nua ar fáil freisin chun freastal ar na Gaelscoileanna agus na scoileanna Educate Together a bhfuil a líon ag méadú ar fud na tíre.

Tá criosanna sábhála de chaighdeán cuí suiteáilte i ngach bus scoile de chuid Bhus Éireann agus na gconraitheoirí príobháideacha a chuireann seirbhísí ar fáil faoi Scéim Iompair Scoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, agus soláthraítear cóiríocht do dhaltaí ar bhonn dalta scoile amháin ar gach suíochán do dhuine fásta.

Tá an tsábháilteacht ríthábhachtach. Tugadh faoi thograí éagsúla i rith na bliana chun sábháilteacht a chur chun cinn ar bhusanna scoile, agus go háirithe chun teachtaireachtaí tábhachtacha sábháilte a chur in iúl do leanaí scoile, chomh tábhachtach is atá sé an crios sábhála a chuirtear ar fáil a úsáid mar shampla. Áirítear go sonrach:

- Bhí Bus Éireann rannpháirteach le gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear na Gardaí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, FSS, agus na hÚdaráis Áitiúla i Modúl Sábháilteachta do dhaltaí Idirbhliana i scoileanna dara leibhéil.
- Thug Taispeántas Sábháilteachta Busanna Scoile Bhus Éireann cuairt ar níos mó ná 30 taispeántas talmhaíochta agus imeachtaí ar fud na tíre i 2008, lena n-áirítear na Cluichí Pobail i Mosney agus an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta i gCill Chainnigh.
- Bhí páirt ghníomhach ag Bus Éireann i bhfeachtais áitiúla sábháilteachta chun sábháilteacht ar bhusanna scoile a chur chun cinn le gníomhaíochtaí eile ar nós CGO Dhún na nGall, BSL, Seirbhísí Éigeandála, Teagasc, na Gardaí, FAI agus Cork City FC.



Thug Bus Éireann íocaíochtaí ar líne isteach do cheadanna iompair scoile i 2008. Bhí an-éileamh ar an modh íocaíochta áisiúil éifeachtúil seo agus táthar ag súil go mbainfidh níos mó custaiméirí úsáid as an gcóras seo chun íocaíochtaí a dhéanamh sna blianta atá romhainn.

I gcomhar le hAonad Grinnfhiosrúcháin na nGardaí, tá grinnfhiosrúchán á dhéanamh ar gach ball pearsanra nua agus gach ball atá sna seirbhísí iompair faoi láthair faoin Scéim Iompar Scoile, agus tá timpeall 6,000 ball foirne agus conraitheoirí Bhus Éireann rannpháirteach.

Tá méadú timpeall 60 faoin gcéad ar líon na bhfeithiclí a úsáidtear chun leanaí a iompar faoi Scéim Iompair Scoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ón mbliain 2000 i leith. Tá 308 feithicil le rochtain chathaoireach rotha ag cur seirbhísí iompair scoile ar fáil anois gach lá scoile, méadú de 45 ón mbliain 2007.

## Sábháilteacht agus Bainistiú Riosca

Is í sábháilteacht ár gcustaiméirí agus na foirne príomhthosaíocht Bhus Éireann. Tá cultúr sábháilteachta á threisiú go leanúnach ar fud na heagraíochta ag an mbainistíocht. Mar chuid de seo, lean an chuideachta ar aghaidh le hinfheistíocht in oiliúint do bhaill foirne amhail Ardoiliúint Tiománaithe agus cigireacht feithiclí don fhoireann cothabhála i 2008. Ar aon dul lena beartas, déanann an chuideachta athbhreithniú agus nuachóiriú go rialta ar a chórais bainistithe sábháilteachta.

## Nuachóiriú Flít

Ba sa tréimhse 1999/2000 a bhí an clár suntasach deireanach nuachóirithe ag Bus Éireann, agus mar sin bhí na feithiclí nua atá á dtabhairt isteach faoi Iompar 21 ag teastáil go géar agus an-fháilte rompu. Leis na feithiclí nua atá maoinithe faoi Iompar 21, is féidir le Bus Éireann seirbhísí sóisialta a leathnú, aistriú módhach a spreagadh, agus leas a bhaint as éifeachtúlachtaí méadaithe breosla agus oibriúcháin.

Faoi Iompar 21, thug Bus Éireann os cionn 150 bus nua inrochtana isteach i seirbhís i 2008 agus tá 65 eile le seoladh go luath i 2009. Le 18 mí anuas, ghlac Bus Éireann le seachadadh 239 bus agus cóiste nua in infheistíocht de timpeall €71 milliún.

As a cuid acmhainní féin cheannaigh an chuideachta 60 cóiste Luasbhealaí i rith na bliana 2008 a úsáidtear le haghaidh cuspóirí tráchtála.

Ciallaíonn na feabhsúcháin seo go bhfuil 40 faoin gcéad de fhlít Bhus Éireann ag cloí leis na caighdeáin astaíochtaí innill is airde de chuid an AE, agus laghdú mór déanta dá réir ar astaíochtaí carbóin na cuideachta.

I measc na bhfeabhsúcháin flít a rinneadh i 2008 bhí na chéad chóistí comaitéireacha dhá urlár inrochtana i bPoblacht na hÉireann, busanna breise inrochtana do chathaoireacha rotha ar fhlíteanna cathrach agus comaitéireachta, busanna dhá urlár do sheirbhísí cathrach Chorcaí, agus nuachóiriú ar fhlíteanna i bPort Láirge, i nGaillimh, i Luimneach agus in iarthuaisceart na tíre. Is mór na buntáistí iad na feabhsúcháin seo ar fud an fhlít do chustaiméirí ó thaobh inrochtaineachta, compoird agus laghdú ar a lorg carbóin.

Thosaigh Bus Éireann ar oibriú na chéad chóistí ardchumais, ardsonraíochta ar bhealaí 109 Baile Átha Cliath – An Uaimh – An Cabhán agus an 111 Baile Átha



Cliath – Baile Átha Buí – Granard ag deireadh na bliana 2008. Tá tréithe éagsúla sábháilteachta agus tréithe atá saoráideach do chustaiméirí ag na cóistí ardsonraíochta seo.

Tugadh sé bhus inrochtana dhá urlár ar ais chuig seirbhísí sceideailte i gcathair Chorcaí chomh maith leis sin. Táthar á n-úsáid chun cumas ar bhealaí gnóthacha fo-bhailteacha a mhéadú.

Ghlac Bus Éireann seilbh ar 25 bus aon urláir le húsáid i seirbhísí chathair Chorcaí, agus 23 bus aon urláir le haghaidh seirbhísí i nGaillimh, i bPort Láirge, i Sligeach agus i nDún Dealgan. Tá na busanna seo ag cloí le caighdeán Euro 4 d'astaíochtaí, tá ardsonraíocht inmheánach acu, agus iad inrochtana go hiomlán do chathaoireacha rotha. Beidh siad ag dul i mbun seirbhíse go luath i 2009.

## Nuachóiriú Garáistí

Cuireadh tús le tógáil gharáiste nua busanna do fhlít na cuideachta i nGaillimh i 2008 agus beidh an obair críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2009.

Leanadh ar aghaidh le nuachóiriú leanúnach ar threalamh riachtanach garáistí i rith na bliana.

## Feabhsúcháin ar an Líonra Bóithre ar fud na Tíre

Dar le tuarascáil Deloitte, a choimisiúnaigh an Roinn Iompair, cruthaíonn oscailt mótarbhealaí agus seachbhóithre idir dheiseanna agus chonstaicí don chuideachta.

Luaitear sa tuarascáil go gcuireann oscailt na mótarbhealach agus na seachbhóithre timpeall ar bhailte brú ar chothabháil an líonra atá ann faoi láthair. Mar a deirtear sa tuarascáil: "Le mórfheabhsúcháin ar an líonra bóithre, roghnóidh custaiméirí ó bhailte móra seirbhísí díreacha luais nuair is féidir leo, rud a laghdóidh bailíocht airgeadais na seirbhísí go bailte níos lú. D'fhéadfadh ionaid thánaisteacha a fhágfar ar leataobh ag na seirbhísí díreacha luais éirí neamheacnamúil agus a bheith i muinín maoiniú OSP."

Tá an scéal á dhéanamh níos deacra mar gheall ar cheadúnais a bheith á n-eisiúint d'oibritheoirí eile chun seirbhísí níos dírí a reáchtáil agus cuid acu díreach roimh na seirbhísí a chuireann Bus Éireann ar fáil ar na príomhchonairí.

Go hachomair, mar a luaigh tuarascáil Deloitte, beidh cothabháil na seirbhísí seo trí ionaid thánaisteacha áirithe ag brath go han-mhór ar an leibhéal maoiniú OSP a bheidh ar fáil.



## Infheistíocht i nDaoine

I 2008, lean Bus Éireann ar aghaidh lena infheistíocht leanúnach in oiliúint agus i bhforbairt foirne le gach grúpa san fhoireann.

### Oiliúint Tiománaithe

I 2008, díríodh ar na nithe seo a leanas in oiliúint tiománaithe: oiliúint sábháilteachta, teicnící cosantacha tiomána a chur chun cinn, cúram custaiméirí, teicneolaíocht nua a thabhairt isteach, agus cleachtadh taithíoch ar na feithiclí nua go léir a thugtar isteach sa fhlít.

Rinneadh nuachóiriú ar *Lámhleabhar an Tiománaí agus an Ticéadú* agus dáileadh ar na tiománaithe go léir é i 2008.

Bhí ionaid oiliúna Bhus Éireann faofa ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun Teastas Inniúlachta Gairmiúil a sheachadadh.

### Foireann Cothabhála agus Printíseachta

Bhí oiliúint leitheadach ann don fhoireann cothabhála i 2008 maidir le córais nua feithicle. Tugadh faoi oiliúint ar bhonn leanúnach faoi shaincheisteanna sábháilteachta agus an cleachtas cothabhála is fearr.

Leanadh ar aghaidh le hoiliúint printíseach agus fostaíodh 14 phrintíseach nua i 2008. Tugann na printísigh faoi chlár oiliúna ceithre bliana a chuireann Bus Éireann ar fáil i gcomhar le FÁS..

### Foireann Cléireachais

Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do bhaill foirne chuí i rith na bliana lena n-áirítear oiliúint i gcórais nua agus córais TF a bhí ar fáil cheana, atá á n-úsáid go leitheadach sa ghnólacht.

### Forbairt Mhaoirseoireachta

Cuireadh an Clár Forbartha Maoirseoireachta, a thosaigh i 2007, i gcrích i 2008. Is clár do chigirí agus do mhaoirseoirí cothabhála é seo a dhíríonn go háirithe ar thuiscint a fháil ar ról an mhaoirseora i mBus Éireann le béim ar scileanna le daoine, ó thaobh fostaithe agus custaiméirí.

D'fhreastail na Cigirí Iompair Scoile ar chúrsa eile a phléigh le réimse saincheisteanna oibriúcháin agus maoirseoireachta.

## An Duaiscéim

Is scéim í an Duaiscéim atá ar oscailt do gach ball foirne, le cúrsaí éagsúla a chuirtear ar fáil do bhaill foirne chun cabhrú leo a scileanna sa láthair oibre a fhorbairt.

### Forbairt Bainistíochta

Lean Bus Éireann ar aghaidh lena urraíocht ar bhaill foirne a bhí i mbun clár Dioplóma i Staidéar Bainistíochta don Earnáil Iompair. Is iad Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA), Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) agus FÁS a reáchtálann an cúrsa seo atá dírithe ar dhaoine atá oilte i mbainistiú daoine a fhorbairt agus tuiscint iomlán a sholáthar dóibh faoin timpeallacht leathan gnó ina mbíonn Bus Éireann ag oibriú. Tá an cúrsa dhá bhliain críochnaithe ag seachtar déag den fhoireann agus tá duine is fiche den fhoireann sa chéad agus sa dara bliain faoi láthair.

### Ceadúnú/Beartas Busanna

Achtaíodh an tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath i 2008. Dar leis an Acht, nuair a fhaigheann Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath cead seirbhísí iompair bus do phaisinéirí a mbaineann oibleagáid seirbhíse poiblí leis a sholáthar, déanfaidh sé conradh díreach dámhachtana le Bus Éireann agus tabharfaidh sé ceart eisiach dó leanúint ar aghaidh leis na seirbhísí poiblí bus do phaisinéirí a sholáthraíonn sé a sholáthar.

Déanann Bus Éireann nóta do bhearta chun Acht Iompar Bóithre 1932 a leasú i 2009. Tá dóchas ag an gcuideachta go mbeidh aird ag an Acht nua seo ar líonra comhtháite náisiúnta na seirbhísí atá bunaithe ar chláir ama atá nasctha le chéile agus ar ionaid mhalartaithe.

Dar le tuarascáil Deloitte, tá líonra comhtháite Bhus Éireann ina dhlúthchuid dá oibríochtaí éifeachtúla. Táthar ag súil nach mbainfidh an creat nua ceadúnaithe an bonn de na seirbhísí atá ann faoi láthair. Tá na seirbhísí seo tábhachtach go háirithe d'ionaid sna cúigí mar gur féidir ionaid níos lú a nascadh le bailte agus astu sin le réimse leathan cinn scríbe leo. Baineann líon mór custaiméirí de chuid Bhus Éireann leas as an líonra comhtháite seo chun turais a dhéanamh óna dtithe cónaithe go réimse leathan ionad ar fud na tíre nach bhfuil nasctha le chéile go díreach.

## Stiúrthóirí amhail ag 24 Lúnasa 2009

**An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach**
**T. Honan Uasal**
**An tUas. J. Pender**
**An tUas. J. Byrne**
**An tUas. J.Griffin**
**An tUas. R. Langford**
**An tUas. J. Moloney**
**An tUas. B. McCamley**

**Príomhfheidhmeannach**
**An tUas. T. Hayes**

### Rúnaí agus Oifig Chláraithe

**A. Keane Uasal,**
An Chloch Leathan,
Baile Átha Cliath 7.

Teileafón: 00 353 1 703 3447
Facs: 00 353 1 703 3486
Suíomh Gréasáin: www.buseireann.ie

Uimhir Chláraithe: 119570

### Iniúchóirí

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
hAon Dug Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair faoi réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009 de chuid na hÉireann agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí a bhaineann leo, atá mar chuid de na cuntais agus atá san áireamh sa tuarascáil seo, roimh ré faoi réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is cuideachta bhainistithe iompair é Bus Éireann, arb iad a príomh-ghníomhaíochtaí ná bainistiú agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán lánpháirtithe seirbhísí, ag baint úsáide as a cuid acmhainní féin agus as acmhainní fochonraitheoirí. Clúdaíonn an gréasán lánpháirtithe sin seirbhísí cóistí achar fada, agus seirbhísí busanna áitiúla, tuaithe, coimitéara, cathracha cúige agus bailte móra cúige. Tá an chuideachta freagrach freisin as bainistiú agus soláthar na Scéime Iompair Scoile náisiúnta thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Thaifead an Chuideachta easnamh foriomlán de €8,092,000. Is €49,013,000 an suim a bhí mar ghlan chostas ar sholáthar seirbhís PSO. Fuarthas íocaíocht de €41,846,000 i leith Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí. Laghdaigh líon na dturas paisinéirí bóthair go 2.06 milliún turas agus d'ardaigh líon na dturas Scoile go 0.20 milliún turas i 2007.

D'ardaigh láimhdeachas €16.73 milliún go €299.67 milliún d'ainneoin bliain chrua trádála mar go raibh níos mó iomaíochta i gceist leis na gnéithe is brabúsaí sa líonra a chonaic laghdú de 4% i dturais paisinéirí agus seirbhísí sceidealaithe eile. Tháinig ardú go €142.31 milliún ar phárolla agus costais ghaolmhara i rith na bliana ag teacht leis an ardú sa chomhaontú náisiúnta pá agus ardú i gcostais phinsin fostóirí.

D'ardaigh costais ábhar agus seirbhísí go príomha mar thoradh ar chostais bhreosla agus ar chostais ardaithe chonraitheoirí.

Infheistíodh €40 milliún i bhfeabhsúcháin flít i rith na bliana mar pháirt de Iompair 21.

Tá an Chuideachta ag leanúint lena fócas láidir ar chaighdeán agus ar éifeachtúlacht a seirbhísí a fheabhsú do gach custaiméir. Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta, athbhreithníonn na bainisteoirí mar aon le stiúrthóirí na Cuideachta raon de phríomhtháscairí feidhmíochta oibríochta agus airgeadais, go rialta.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na Cuideachta don bhliain san Athbhreithniú ar leathanaigh 3 go 14.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 22 go 35. Taispeánann na torthaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 easnamh de €8,092,000 (2007 - Barrachas €6,903,000).

## Rialú Inmheánach agus Bainistiú Riosca

Tá Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta i bhfeidhm ag Bord Bhus Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, na rialuithe inmheánacha agus ar chúrsaí comhlíonta, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus ar bhainistiú riosca. Cothabhálann an chuideachta clár riosca agus déantar uasghrádú air ar bhonn leanúnach le go ndéanfaidh na stiúrthóirí agus na bainisteoirí sinsearacha athbhreithniú air.

Tá Coiste Sábháilteachta Boird agus Coiste Cothabhála Boird ann freisin chun cúrsaí sábháilteachta, cúrsaí cothabhála agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus tuairiscíonn siad chuig bord Bus Éireann.

## Rannphairtíocht Fostaí

D'éag téarmaí na gcomhairlí comhphairtíocht áitiúl a toghú i 2003 i Nollaig 2007. Caitheamh cuid mhór do 2008 ag pleanáil agus eagrú na toghacháin do na comhairlí nua. Rinneadh seo tríd pairtí oibre feidhmithe bainistíocht/cearchumainn. Bhí na toghacháin do na chomhairlí nua i Meán Fómhair 2008. Bhí dhá chruinniú comhairle áitiúl ann faoi dheireadh na bliana.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta folláine a fostaithe a chinntiú trí áit oibre shábháilte a chothabháil agus tríd an reachtaíocht fostaíochta iomchuí a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Bhí cruinnithe rialaithe ag coiste sábháilteachta Bhord Bhus Éireann, a bunaíodh ag leibhéal fo-bhoird i 2004. Déanann an grúpa monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta i gcoinne phlean sábháilteachta bliantúil agus spreagann an grúpa an méid is mó rannpháirtíochta agus is féidir maidir le feasacht sábháilteachta agus maidir le timpistí a chosc sa chuideachta.

## Rialacháin um Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála 2002

Tugann na stiúrthóirí aitheantas dá gcuid freagrachta as ucht comhlíonadh a chinntiú, i leith nithe ábharacha uile, le forálacha Rialacháin an CE (íoc deireanach) 2002. Táthar tar éis gnáthaimh a fhorfheidhmiú chun na dátaí a aithint ina dtiteann sonraisc uile dlite chun íocaíochta agus chun a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí faoi dhátaí dá leithéid. Soláthraíonn gnáthaimh dá leithéid dearbhú réasúnach i gcoinne neamh-chomhlíonadh ábharach leis na rialacháin.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Lean an Grúpa Comhairleach Comhionnanais lena gcuid oibre le ceithre chruinniú i rith na bliana. Tá an grúpa seo tagtha chuig deireadh a shainchúram dhá bhliana. Deánfar athbhreithniú ar fheidhm agus tionchar an ghrúpa le cinntiú go leanfaidh an struchtúr a bheidh ina ionad leis an obair mhaith atá curtha i gcrích ag an Ghrúpa Comhairleach Comhionnanais.

Faoin Acht um Míchumas 2005 tá dualgas ar chomhlachtaí seirbhísí poiblí tacú le fostú daoine le míchumais agus a bhfostú a chur chun cinn, agus cinntiú gur daoine le míchumais ar a laghad 3% dá bhfostaithe. Níl sé éasca ag Bus Éireann an sprioc seo a bhaint amach mar gheall ar earnáil thabhactach shábhála na timpeallachta ina bhfeidhmíonn Bus Éireann agus an riachtanas atá ann sábháilteacht na bhfostaithe agus na gcustaiméirí a chinntiú. Forbraíodh le cuidiú ón Údarás Náisiúnta Míchumas Polasaí nua ‘Bus Éireann’s Policy for the Employment of People with Disabilities’ le níos mó fócais agus níos mó tacaíochta a thabhairt do fhostaithe le míchumais.

San am i láthair is náisiúntachtaí neamh-Éireannach iad 6% don lucht oibre ag Bus Éireann, ag teacht ó thríocha agus a haon náisiúntacht difriúl. Reachtáladh fócasghrúpaí le roinnt do na fostaithe seo i 2008 le tuiscint níos fearr a fháil ar á dtaithí ag obair ag Bus Éireann dóibh. Bhí an t-eolas a cruinníodh óna fócasghrúpaí seo an-chabharach agus an-dearfach.

Labhair na fostaithe ar fad a bhí pairteach sna fócasghrúpaí go han-dearfach faoi bheith ag obair ag Bus Éireann agus léirigh siad ar fad tiomantas mór agus suim mhór sa Chomhlacht.

Ag leanúint den fhócas ar phríomhshruthú ar Chomhionannas agus Éagsulacht cuireadh eolas tábhactach ar an cúram a sholathrófar do éagsúlacht na gcineálacha gcustaiméirí san eagrán leasaithe den lámhleabhair “Drivers’ Handbook and Ticketing Manual”.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta ar ghlac na stiúrthóirí leo lena chinntiú go gcloítear le hoibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe a fhostú. Tá na leabhair chuntais á gcoimeád ag Bus Éireann, An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na comhlachta. Roimh 1 Lúnasa, 2008 cheap Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann stiúrthóirí le toiliú an Aire. Tá na stiúthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2008 nó iad siúd a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d’fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach (Athcheaptha 28 Márta, 2008)
An tUasal J. Byrne
T. Byrne Uasal (Ceaptha 24 Meitheamh 2008)
(D’éirigh as 3 Samhain, 2008)
An tUasal J. Hegarty (Athcheaptha 29 Márta, 2008)
(D’éirigh as 28 Márta, 2009)
T. Honan Uasal
An tUasal R. Langford
An tUasal J. Moloney (Athcheaptha 1 Eanáir, 2009)
An tUasal B. Mc Camley (Athcheaptha 1 Eanáir, 2009)
An tUasal J. Pender
An tUasal J. Griffin (Ceaptha 18 Bealtaine, 2009)

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

## Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcuntas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

| | |
|---|---|
| **An Dr. J.J. Lynch** | Cathaoirleach |
| **An tUasal R. Langford** | Stiúrthóir |

# Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús agus caillteanas na cuideachta don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Bhus Éireann

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 22 go 35. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach sa ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta ar leathanach 22.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme in Éirinn mar aon le caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord Caighdean Cuntasaíochta (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn) mar atá leagtha amach ar leathanach 19 sa Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainne inniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn agus go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009. Luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipiteal glaoite.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí, agus nuair is indéanta sin, cuirimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Léamar Tuarascáil na Stiúrthóirí. Breithnímid na himpleachtaí má thugaimid faoi deara aon mhíráitis dhealraitheacha ann. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

## Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Déantar, mar chuid den iniúchóireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca na cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

## Tuairim

Inár dtuairim

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2008 de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn agus ar a chaillteanas agus ar shreabhadh airgid don bhliain dár chríoch amhlaidh, agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 16 go 18 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 24, níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig, 2008, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta neamhghnách den chuideachta a thionól.

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
hAon Dug Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

24 Lúnasa 2009

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an chuideachta:

## (A) Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Ioncam

Tá ioncam comhdhéanta d'oll-luach na seirbhísí a soláthraítear.

## (C) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas:

### (i) Feithiclí paisinéirí bóthair

Dímheastar costais stairiúla feithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saoil úsáideacha measta ar bhunús céatadáin atá ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí feadh a saoil. Dímheastar costais stairiúla busanna scoile trí thráthchodanna bliantúla comhionanna thar a saoil úsáideacha measta.

### (ii) Gléasra agus innealra

Dímheastar ranganna na sócmhainní thuas, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

## (D) Sócmhainní ar léas

### Léasanna oibríochta

Muirearaítear íocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## (E) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (F) Íocaíochtaí agus Deontais Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

### (i) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíochtaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (ii) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste

Muirearaítear deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

## (G) Airgead coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (H) Pinsin

Déantar an costas ionchais maidir le pinsin a soláthar d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta fostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, agus leas á bhaint as comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag an ráta a mheastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchais seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime.

Déantar soláthar do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus muirearaítear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

Bus Éireann

| **Bliain dar chríoch an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **299,676** | 282,948 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *1* | **(142,311)** | (130,014) |
| Ábhair agus seirbhísí | *2(a)* | **(195,108)** | (179,296) |
| Dímheas agus caillteanas ar dhiúscairt shócmhainní inlámhsithe | *3* | **(11,886)** | (13,113) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(349,305)** | (322,423) |
| **Easnamh roimh caillteanas ar dhiúscairtí, ús infhaighte, íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir agus roimh míreanna eisceachtúla** | | **(49,629)** | (39,475) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **(149)** | (756) |
| **Easnamh roimh ús infhaighte, íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir agus roimh míreanna eisceachtúla** | | **(49,778)** | (40,231) |
| Ús infhaighte | | **1,840** | 1,516 |
| **Easnamh roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir agus roimh míreanna eisceachtúla** | | **(47,938)** | (38,715) |
| Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | *20* | **41,846** | 36,595 |
| **Easnamh don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir agus roimh míreanna eisceachtúla** | | **(6,092)** | (2,120) |
| Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir | *8* | **–** | 9,023 |
| Mír eisceachtúil | *2(b)* | **(2,000)** | – |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus tar éis scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir agus tar éis míreanna eisceachtúla** | | **(8,092)** | 6,903 |
| **Barrachas carntha ag tús na bliana** | | **14,842** | 987 |
| Aistriú ón cúlchiste athsholáthar sócmhainne | *11* | **–** | 6,952 |
| **Barrachas carntha ag deireadh na bliana** | | **6,750** | 14,842 |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha an chuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais aitheanta seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Thar ceann an bhoird
**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUasal R. Langford** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

| Amhail an 31 Nollaig | Nótaí | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *4* | **153,440** | 121,706 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *5* | **4,816** | 4,732 |
| Féichiúnaithe | *6* | **75,854** | 69,218 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar lámh | | **348** | 843 |
| | | **81,018** | 74,793 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *7* | **(69,422)** | (54,065) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **11,596** | 20,728 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **165,036** | 142,434 |
| **Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirir** | *8* | **(44,270)** | (39,500) |
| **Ioncam Iarchurtha** | *9* | **(84,812)** | (58,888) |
| | | **35,954** | 44,046 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *10* | **29,204** | 29,204 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **6,750** | 14,842 |
| **Cistí Scairshealbhóirí** | *12* | **35,954** | 44,046 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal R. Langford** Stiúrthóir

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | *13(a)* | **22,830** | 14,157 |
| **Toradh ar infheistíocht agus seirbhísiú airgeadais** | | | |
| Ús infhaighte | | **1,840** | 1,516 |
| | | **24,670** | 15,673 |
| **Caiteachas caipitil** | | | |
| Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe | *4* | **(54,539)** | (46,281) |
| Dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe | | **24** | – |
| Deontais chaipitil a fuarthas | *9* | **41,139** | 40,361 |
| | | **(13,376)** | (5,920) |
| **Insreabhadh roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú** | | **11,294** | 9,753 |
| **Bainistiú ar acmhainní leachtacha** | | | |
| Gluaiseacht i méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta | *13(b)* | **(11,789)** | (9,311) |
| **(Laghdú)/ Méadú in airgead tirim** | *13(b)* | **(495)** | 442 |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite den chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

| **Réiteach an ghlan-shreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí** | | |
|---|---|---|
| (Laghdú)/ Méadú in airgead tirim sa bhliain | **(495)** | 442 |
| Airgead tirim ó athrú in acmhainní leachtacha | **11,789** | 9,311 |
| **Gluaiseacht i nglanchistí** | **11,294** | 9,753 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | **51,538** | 41,785 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | **62,832** | 51,538 |

## 1. Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | **123,293** | 110,768 |
| Costais leasa shóisialaigh | **10,296** | 9,380 |
| Costais pinsin eile | **7,563** | 5,808 |
| | **141,152** | 125,956 |
| Costais an chláir athraithe | **1,080** | 4,006 |
| Obair innealtóireachta do chuideachtaí grúpa | **(58)** | (80) |
| **Glanchostais foirne** | **142,174** | 129,882 |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| **Díolaíochtaí** | | |
| - do sheirbhísí mar stiúrthóirí | **83** | 79 |
| - do sheirbhísí eile | **54** | 53 |
| **Iomlán luach saothair na stiúrthóirí agus díolaíochtaí** | **137** | 132 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara** | **142,311** | 130,014 |

| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana mar seo a leanas: | **Líon foirne** | |
|---|---|---|
| | **2008** | 2007 |
| Lánaimseartha | **2,296** | 2,249 |
| Tiománaithe bus scoile páirtaimseartha | **541** | 535 |
| Iomlán | **2,837** | 2,784 |

## 2(a). Ábhair agus Seirbhísí

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Breoslaí agus bealadh | **20,895** | 15,823 |
| Conraitheoirí eile | **124,156** | 115,916 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **482** | 339 |
| Feithiclí léasa oibríochta ar cíos | **612** | 674 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 8)* | **8,940** | 7,903 |
| Rátaí | **827** | 736 |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | **50** | 50 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | **39,146** | 37,855 |
| | **195,108** | 179,296 |

## 2(b). Mír eisceachtúil

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Fíneáil | 2,000 | – |

Baineann an fhíneáil seo leis an fhíneáil cúirte maidir le timpiste Bhaile an Cheantaigh.

## 3. Dímheas agus Caillteanas ar Dhiúscairt Shócmhainní Inláimhsithe

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Dímheas shócmhainní seasta inláimhsithe *(nóta 4)* | **22,632** | 19,011 |
| Amúchadh deontais *(nóta 9)* | **(10,746)** | (5,898) |
| | **11,886** | 13,113 |

## 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | **Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000** | **Gléasra Agus Innealra €000** | **Iomlán €000** |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir, 2008 | 236,603 | 14,414 | **251,017** |
| Breiseanna | 52,354 | 2,185 | **54,539** |
| Diúscairtí | (7,045) | (780) | **(7,825)** |
| **Amhail an 31 Nollaig, 2008** | 281,912 | 15,819 | **297,731** |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir, 2008 | 122,175 | 7,136 | **129,311** |
| Muirear don bhliain | 21,097 | 1,535 | **22,632** |
| Diúscairtí | (6,872) | (780) | **(7,652)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2008** | 136,400 | 7,891 | **144,291** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig, 2008** | **145,512** | **7,928** | **153,440** |
| Amhail an 31 Nollaig, 2007 | 114,428 | 7,278 | **121,706** |

## 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsith *(ar lean)*

(a) Seo a leanas an fad saoil úsáideach ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímheasa:

| | **Saol (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8 - 14 |
| Gléasra agus innealra | 5 - 10 |

(b) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ag costas €27,701,438 (2007- €24,355,556 ) go hiomlán ach táthar fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá €14,961,175 (2007 – €21,548,709) san áireamh ar shócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig, 2007 i ndáil le sócmhainní seasta inláimhsithe nach bhfuil fós i mbun seirbhíse.

## 5. Stoic

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála | **3,617** | 3,543 |
| Breoslaí, bealadh agus stoic éagsúla | **1,199** | 1,189 |
| | **4,816** | 4,732 |

Áirítear sna méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna a choimeádtar go riachtanach chun riachtanais oibríochta fadtéarmacha a chomhlíonadh. Níl luach athsholáthair stoc ró-éagsúil óna leabharluach.

## 6. Féichiúnaithe

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **2,438** | 1,966 |
| An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | **9,439** | 12,207 |
| Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta *(nóta 13(b))* | **62,484** | 50,695 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **1,493** | 4,350 |
| | **75,854** | 69,218 |

## 7. Creidiúnaithe

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh den bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | **18,700** | 17,209 |
| Ioncam le cáin asbhainte faoi ÍMAT | **1,134** | 1,379 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasta | **1,191** | 1,457 |
| Cáin bhreisluacha agus cáin eile | **918** | 514 |
| Creidiúnaithe eile | **194** | 1,995 |
| Fabhruithe | **23,774** | 12,469 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 8)* | **9,000** | 9,000 |
| Ioncam Iarchurtha *(nóta 9)* | **14,511** | 10,042 |
| | **69,422** | 54,065 |
| Tá creidiúnaithe do chánachas agus do leas shóisialta san áireamh thuas | **3,243** | 3,350 |

## 8. Soláthairtí le Haghaidh Dliteanas agus Muirear

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh Dliteanais ón Tríú Páirtí & ó Fhostóirí** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **48,500** | 54,525 |
| Úsáid i rith na bliana | **(4,170)** | (4,905) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais *(nóta 2(a))* | **8,940** | 7,903 |
| Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir | **-** | (9,023) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig, 2008** | **53,270** | 48,500 |
| **Cionaithe:** | | |
| Dliteanais reatha *(nóta 7)* | **9,000** | 9,000 |
| Méideanna dlite tar éis bliain amháin | **44,270** | 39,500 |
| | **53,270** | 48,500 |

### Éilimh Dliteanais ón Tríú Páirtí agus ó Fhostóirí

Aistríodh soláthair ag teacht ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an chuntas brabúis bunaithe ar na n-éileamh le tamall anuas.

Muirearaítear aon chailliúntí nach gclúdaítear le hárachas seachtrach chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus muirir.

## 8. Soláthairtí le hAghaidh Dliteanas agus Muirear *(ar lean)*

### (A) Clúdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €2,000,000 i gcás busanna scoile agus €2,000,000 i gcás iompar bóthair eile ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gurb os cionn US$3,300,000 é.

(ii) Dliteanas Oibreoirí Turais don Ghrúpa le slánaíocht €2,000,000 maidir le haon eachtra amháin agus ar an iomlán, faoi réir farasbarr de €250,000.

(iii) Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin;

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, áit gurb os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é, agus

(b) aon dhamáiste eile ó thuilte áit gur os cionn €250,000 é.

(c) aon éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gurb os cionn US$150,000 é.

(iv) Dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €11,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2008 go dtí Márta 2009, faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe Grúpa fhoriomlán de €27,000,000.

(v) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán árachas dliteanais comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2008 go dtí Márta 2009, do dhliteanais tríú páirtí iompair ráille agus bóthair agus rioscaí eile.

(vi) Gach Baol, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúntí, le farasbarr bliantúil gan dul thar €5,000,000 in iomlán.

(vii) €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farasbarr de €500,000 i ndáil le hiarnróid agus rothra bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile, do gach uile cheann de na caillteanais.

### (B) Soláthar d'Éilimh ón Tríú Páirtí agus ó Fhostóirí agus Aisghabhálacha Gaolmhara

Soláthraítear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar trí éilimh a shocrú. Glacann an cuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena nochtuithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Agus costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha á ríomh, úsáideann an cuideachta teicnící meastacháin éagsúla, bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí mar a thuairiscítear iad, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir leis an gcostas a bhain le héilimh le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin a shocrú.

## 8. Soláthairtí le haghaidh Dliteanas agus Muirear *(ar lean)*

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán, dá bhrí sin, ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe nuair is féidir gnóthachain mar sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á tabhairt ar fhógra ó bhróicéirí an chuideachta maidir le haon athárachóirí in athrith.

## 9. Ioncam Iarchurtha

Tá an cuntas seo comhdhéanta de dheontais neamh-inaisíoctha ón AE agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a dhéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (polasaí cuntasaíochta F).

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **68,930** | 34,467 |
| Faighte agus infhaighte | **41,139** | 40,361 |
| Aistriú chuig cuntas brabúis agus caillteanias *(nóta 3)* | **(10,746)** | (5,898) |
| Iarmhéid tugtha chun cinn | **99,323** | 68,930 |
| Lúide aistriú chuig dliteanais reatha *(nóta 7)* | **(14,511)** | (10,042) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **84,812** | 58,888 |

## 10. Scairchaipiteal

| | **2008 €000** | 2007 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **40,632** | 40,632 |
| **Leithroinnte, glaoite agus lániíoctha** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **29,204** | 29,204 |

## 11. Cúlchiste Athsholáthair Sócmhainní

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | – | 6,952 |
| Aistriú go Cuntas Brabúis agus Caillteanais | – | (6,952) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | – | – |

## 12. Réiteach Gluaiseachta i gCistí Scairshealbhóirí

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | **(8,092)** | 6,903 |
| Ciste gnáthscaire scairshealbhóirí tosaigh | **44,046** | 37,143 |
| **Ciste gnáthscaire scairshealbhóirí deiridh** | **35,954** | 44,046 |

## 13. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

**(a) Réiteach easnamh oibríochta chuig glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta**

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Easnamh oibríochta roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | **(49,778)** | (40,231) |
| Íocaíocht oibleagáide seirbhíse poiblí | **41,846** | 36,595 |
| | **(7,932)** | (3,636) |
| Dímheas agus caillteanas ar dhiúscairt shócmhainní seasta inláimhsithe | **22,781** | 19,767 |
| Deontais chaipitil a amúchadh | **(10,746)** | (5,898) |
| Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir | – | 9,023 |
| Mír Eisceachtúil | **(2,000)** | – |
| (Méadú)/Laghdú ar stoic | **(84)** | 188 |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe | **5,153** | (3,633) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | **10,888** | 4,371 |
| Méadú/(Laghdú) ar sholáthairtí le haghaidh dliteanas agus muirir | **4,770** | (6,025) |
| **Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **22,830** | 14,157 |

| **(b) Anailís ar athrú i nglanchistí** | **Amhail an 1 Eanáir 2008 €000** | **Sreabhadh €000** | **Amhail an 31 Nollaig 2008 €000** |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **843** | **(495)** | **348** |
| Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta *(nóta 6)* | **50,695** | **11,789** | **62,484** |
| | **51,538** | **11,294** | **62,832** |

## 14. Oibleagáidí Léasa Oibríochta

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Rachaidh tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chur ar ceal a bheidh iníoctha sa bhliain seo romhainn in éag mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **488** | – |
| Idir bliain amhain agus cúig bliana | **377** | 141 |
| | **865** | 141 |

## 15. Pinsin

Tá fostaithe de chuid Bus Éireann mar bhaill de scéimeanna pinsean Ghrúpa Córas Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Córas Iompair Éireann dhá scéim pinsin sochair sainmhínithe ag clúdach formhór na bhfostaithe, gach ceann acu á mhaoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir sciar na mball aonair de sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin ag Ghrúpa Córas Iompair Éireann a aithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach fiú dá mbeadh sé féideartha dáileadh a dhéanamh ar baill neamh-ghníomhacha ar fud fochuideachtaí bunaithe ar lá deireanach na fostaíochta, d'fhéadfadh go mbeadh na baill tar éis obair le haghaidh níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a aithint cé leis an dliteanas (agus sócmhainn chomhfhreagrach) le haghaidh tréimhsí leanúnacha na fostaíochta. Táthar tar éis cuntas a thabhairt i leith ranníocaíochtaí do na scéimeanna seo, sa chaoi gur ionann é agus scéim ranníocaíochta sainmhínithe arna cheadú ag Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Córas Iompair Éireann.

Léirigh na luachálacha achtúireacha is déanaí a rinneadh ar na scéimeanna le haghaidh foralacha FRS 17 go raibh easnamh €567.6 milliún ar na scéimeanna ar 31ú Nollaig 2008.

B'ionann an costas pinsin don bhliain ar scéimeanna sochair sainmhínithe agus €7.56 milliún, áirítear na costais seo freisin i nóta 1.

## 16. Tiomantais Chaipitil

| | 2008 €000 | 2007 €000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh do | **6,082** | 62,859 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do | **–** | 11,095 |
| | **6,082** | 73,954 |
| Maoiniú | **–** | 41,888 |

## 17. Dliteanais Theagmhasacha

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

## 18. Glan Bharrachas/easnamh de Réir Gníomhaíochta

| 2008 | Tráchtáil €'000 | Seirbhísí Poiblí<br>Cathair €'000 | Iompar Céime €'000 | Neamh-Thráchtáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 227,052 | 25,042 | 47,582 | 72,624 | 299,676 |
| Costais | 225,977 | 47,809 | 73,828 | 121,637 | 347,614 |
| | **1,075** | **(22,767)** | **(26,246)** | **(49,013)** | **(47,938)** |
| **Barrachas/(easnamh) Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí** | | | | 41,846 | 41,846 |
| **(Easnamh)/Barrachas tar éis Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí** | **1,075** | | | **(7,167)** | **(6,092)** |
| Mír Eisceachtúil | | | | | (2,000) |
| **Easnamh don Bhliain** | | | | | **(8,092)** |
| **2007** | | | | | |
| (Easnamh)/Barrachas tar éis scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir | **7,982** | | | **(1,079)** | **6,903** |

Oibríonn an chuideachta gníomhaíochtaí tráchtála, iompair scoileanna agus seirbhíse poiblí. Is í an phríomhghníomhaíocht a oibrítear ar bhonn tráchtála ná Expressway. Oibrítear an scéim Iompair Scoileanna faoi chonradh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar bhonn aisghabhála costais. Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach a bhfaigheann an chuideachta íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i leith na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin. Déantar costais do Expressway, Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach a leithroinnt ar bhonn méadrach, díorthaithe ó chostais iarbhíre i dtréimhse roimhe sin, staidéir neamhspleácha ar oibríochtaí Bhus Éireann, an líon busanna agus míleáiste.

## 19. Páirtithe Gaolmhara

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Faisnéisiú Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 20. Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Ba €41,846,000 a bhí san Oibleagáid Seirbhíse Poiblí iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008 (2007- €36,595,000).

## 21. Comhaltacht Ghrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Éireann - Irish Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

## 22. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar 24 Lúnasa 2009.